2025/1721

4.8.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1721 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Lúnasa 2025

lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1) agus (3) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 nach mór do choinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]) leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó criosanna de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear na speicis agus na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí sin agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí sin a leagan amach in Iarscríbhinní I go XXII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(4) Go háirithe, le hIarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas.

(5) An 24 Iúil 2025, thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún faoi dhá ráig nua den fhliú éanúil ardphataigineach (HPAI) in éanlaith chlóis sa Bhreatain Bheag, ráigeanna a deimhníodh an 23 Meitheamh 2025 agus an 24 Meitheamh 2025 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(6) An 29 Iúil 2025, thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún faoi ráig nua den fhliú éanúil ardphataigineach (HPAI) in éanlaith chlóis i Somerset, Sasana, ráig a deimhníodh an 28 Iúil 2025 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha i dtaobh teacht isteach san Aontas, agus gluaiseacht agus láimhseáil coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha áirithe agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch tar éis iad a thabhairt isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/692/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/404/oj).

(7) Tar éis na ráigeanna deireanacha sin den fhliú éanúil ardphataigineach, bhunaigh údaráis tréidliachta na Ríochta Aontaithe criosanna srianta de 10 km ar a laghad timpeall ar na bunaíochtaí a bhí buailte agus chuir siad beartas díothaithe chun feidhme chun láithreacht an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun leathadh an ghalair sin a theorannú.

(8) Tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an Ríocht Aontaithe freisin maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríoch agus maidir leis na bearta atá déanta acu chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc tar éis na ráigeanna sin den an fhliú éanúil ardphataigineach a tharla le déanaí.

(9) Tá meastóireacht déanta ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis sin. I bhfianaise na staide sláinte ainmhithe sna limistéir atá faoi shrianta arna bhunú ag údarás tréidliachta na Ríochta Aontaithe, ba cheart teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim ó na limistéir sin lena mbaineann na ráigeanna a chur ar fionraí san Aontas, chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint. Dá bhrí sin, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe sna táblaí a leagtar amach i Roinn B, Cuid 1 agus i gCuid 2 d'Iarscríbhinn V, agus sa tábla a leagtar amach i Roinn B, Cuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir, agus na dátaí a tharla na ráigeanna á gcur san áireamh.

(10) Thairis sin, tá faisnéis nuashonraithe soláthraithe ag Ceanada, ag an Ríocht Aontaithe agus ag na Stáit Aontaithe don Choimisiúin maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach ba chúis le teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus feola úire ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim san Aontas a chur ar fionraí, mar a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(11) An 15 Iúil 2025, chuir Ceanada faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid sláinte ainmhithe agus na bearta atá déanta aige i ndáil le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann in éanlaith chlóis i gcúige Oileán Prince Edward, ráig a deimhníodh an 15 Bealtaine 2025 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(12) An 15 Iúil 2025, chuir an Ríocht Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid sláinte ainmhithe agus na bearta atá déanta aige i ndáil le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann in éanlaith chlóis i gcontae West Yorkshire, Sasana, ráig a deimhníodh an 11 Meitheamh 2025 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(13) An 24 Iúil 2025, chuir an Ríocht Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid sláinte ainmhithe agus na bearta atá déanta aige i ndáil le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann in éanlaith chlóis i gcontae Durham, Sasana, ráig a deimhníodh an 17 Meitheamh 2025 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(14) An 28 Iúil 2025 chuir na Stáit Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid sláinte ainmhithe agus na bearta atá déanta aici i ndáil le trí ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i stáit California (2) agus South Dakota (1), ráigeanna a deimhníodh idir an 16 Eanáir 2025 agus an 30 Aibreán 2025, le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(15) Tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach, chuir Ceanada, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe an Coimisiún ar an eolas gur chuir siad beartas díothaithe chun feidhme chun leathadh an ghalair sin a rialú agus chun teorainn a chur leis, agus gur chuir siad na bearta glantacháin agus díghalraithe is gá i gcrích freisin tar éis an beartas díothaithe maidir leis na bunaíochtaí éanlaithe clóis ionfhabhtaithe a chur chun feidhme ar a gcríoch.

(16) Tá meastóireacht déanta ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis a chuir Ceanada, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe faoina bhráid agus measann sé go bhfuil ráthaíochtaí iomchuí tugtha acu nach bagairt do shláinte ainmhithe ná do shláinte phoiblí laistigh den Aontas a thuilleadh í an staid sláinte ainmhithe ba chúis le teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim san Aontas a chur ar fionraí ó na criosanna atá buailte, mar a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus, dá bhrí sin, maidir le teacht isteach na gcoinsíneachtaí sin san Aontas ó na criosanna atá buailte sa i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe, óna raibh a dteacht isteach san Aontas curtha ar fionraí, ba cheart é a athúdarú. Dá bhrí sin, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann leis na tríú tíortha sin sna táblaí a leagtar amach i Roinn B, Cuid 1 agus i gCuid 2 d'Iarscríbhinn V, agus sa tábla a leagtar amach i Roinn B, Cuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir.

(17) Agus na ráigeanna nua den fhliú éanúil ardphataigineach a bhí ann sa Ríocht Aontaithe á gcur san áireamh agus chun aon chur isteach neamhriachtanach ar thrádáil le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe a sheachaint, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh ar Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leis an Rialachán seo mar ábhar práinne.

(18) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Lúnasa 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.267:

'**CA** Ceanada	CA–2.267	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1'		15.5.2025	24.7.2025'

(ii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna GB-2.380 agus GB-2.381:

'**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.380	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1'		11.6.2025	15.7.2025
	GB-2.381	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1'		17.6.2025	

(iii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna GB-2.383 go GB-2.385 tar éis an ró le haghaidh chrios GB-2.382:

'**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.383	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1'		23.6.2025	
	GB-2.384		N, P1'		24.6.2025	
	GB-2.385		N, P1'			

(iv) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.830:

'**US** Stáit Aontaithe Mheiriceá	US–2.830	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1'		16.1.2025	

(v) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.973:

'**US** Stáit Aontaithe Mheiriceá	US–2.973	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1'		13.2.2025	

(vi) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1029:

'**US** Stáit Aontaithe Mheiriceá	US–2.1029	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1'		30.4.2025	

(b) i gCuid 2, san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar na criosanna GB-2.383 go GB-2.385 tar éis na tuairisce ar an gcrios GB-2.382:

'an Ríocht Aontaithe	GB-2.383	near Haverfordwest, Pembrokeshire, Wales, GB The area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N51.85 and Long: W5.06
	GB-2.384	near Glyn Ceiriog, near Wrexham, Wales, GB The area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N52.89 and Long: W3.24
	GB-2.385	near Dulverton, Tiverton and Minehead, Somerset, England, GB The area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N51.11 and Long: W3.55';

(2) in Iarscríbhinn XIV, Cuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(a) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.267:

'**CA** Ceanada	CA–2.267	POU, RAT	N, P1'		15.5.2025	24.7.2025
		GBM	D.21 – P1		15.5.2025	

(b) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna GB-2.380 agus GB-2.381:

'**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.380	POU, RAT	N, P1'		11.6.2025	15.7.2025
		GBM	D.21 – P1		11.6.2025	15.7.2025
	GB-2.381	POU, RAT	N, P1'		17.6.2025	22.7.2025
		GBM	D.21 – P1		17.6.2025	

(c) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna GB-2.383 go GB-2.385 tar éis an ró le haghaidh chrios GB-2.382:

'**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.383	POU, RAT	N, P1'		23.6.2025	
		GBM	D.21 – P1		23.6.2025	
	GB-2.384	POU, RAT	N, P1'		24.6.2025	
		GBM	D.21 – P1		24.6.2025	
	GB-2.385	POU, RAT	N, P1'		28.7.2025	
		GBM	D.21 – P1			

(d) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.830:

'**US** Stáit Aontaithe Mheiriceá	US–2.830	POU, RAT	N, P1'		16.1.2025	22.7.2025
		GBM	D.21 – P1		16.1.2025	

(e) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.973:

'**US** Stáit Aontaithe Mheiriceá	US–2.973	POU, RAT	N, P1'		13.2.2025	22.7.2025
		GBM	D.21 – P1		13.2.2025	

(f) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1029:

'**US** Stáit Aontaithe Mheiriceá	US–2.1029	POU, RAT	N, P1'		30.4.2025	20.7.2025
		GBM	D.21– P1		30.4.2025	20.7.2025'